Water is precious. Let's CONSERVE IT

The Dublin Region Watermains Rehabilitation Project

Is luachmhar an t-earra an t-uisce. Bímis á chaomhnú.

Bunaíodh Tionscadal Athshlánaithe Phríomhphíobán Uisce Limistéir Bhaile Átha Cliath

Bunaíodh Tionscadal Athshlánaithe Phríomhphíobán Uisce Limistéir Bhaile Átha Cliath chun an sceitheadh a laghdú trí na seanphríomhphíobáin uisce, atá caite agus mí-éifeachtach, a aithint agus cinn nua a chur ina n-ionad.

Tá eolas sa bhileog seo faoi oibreacha ar phríomhphíobáin uisce i do cheantar féin.

The following administrative areas are included in the Project:

NDP NATIONAL DEVELOPMENT PLAN

Dublin City Council
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

South Dublin County Council

Bray Town Council

Dún Laoghaire-Rathdown County Council Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Fingal County Council

Táimidne, foireann an tionscadail tiomnaithe d'athshlánú na bpríomhphíobán uisce a chur i gcrích go héifeachtach ar chaoi atá dírithe ar an gcustaiméir agus leis an gcur isteach is lú ar an gcustaiméir.

Cé atá i mbun na hoibre seo agus cén fáth?

Is iad na hÚdaráis Áitiúla laistigh de Limistéar Bhaile Átha Cliath a bhunaigh Tionscadal Athshlánaithe Phríomhphíobán Uisce Limistéir Bhaile Átha Cliath

I ngeall ar aois an ghréasáin, tá cuid mhaith de na píobáin i riocht chomh dona sin go bpléascann siad, go mbíonn siad ag sceitheadh uathu agus go mbíonn brú an uisce iontu íseal, agus is gá cinn nua a chur ina n-ionad dá réir.

Bunaíodh an tionscadal chun an sceitheadh a laghdú trí na seanphríomhphíobáin uisce, atá caite agus mí-éifeachtach, a aithint agus cinn nua a chur ina n-ionad. Meastar go bhfuil suas le 800 ciliméadar de líonra na bpríomhphíobán uisce ann le breis is 80 bliain. I ngeall ar aois an ghréasáin, tá cuid mhaith de na píobáin i riocht chomh dona sin go bpléascann siad, go mbíonn siad ag sceitheadh uathu agus go mbíonn brú an uisce iontu íseal, agus is gá cinn nua a chur ina n-ionad dá réir. Tá buiséad €118m curtha ar fáil ag an Rialtas Láir tríd an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil lena infheistiú i gcaitheamh na tréimhse 2006 go dtí 2012 chun príomhphíobáin uisce Bhaile Átha Cliath a athshlánú.

An chuma a bhíonn ar phríomhphíobán uisce de ghnáth tar éis dó pléascadh

Léiríonn Tionscadal Athshlánaithe Phríomhphíobán Uisce Limistéir Bhaile Átha Cliath tiomantas an rialtais láir agus an rialtais áitiúil araon do chaomhnú leanúnach an uisce sa Limistéar, rud atá riachtanach d'ár bhforbairt inanuaite eacnamaíoch agus fisiciúil.

Tá na hÚdaráis Áitiúla seo a leanas páirteach sa Tionscadal:

- Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath
- Comhairle Contae Fhine Gall
- Comhairle Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin
- Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas
- Comhairle Contae Chill Mhantáin
- Comhairle Baile Bhré
- Comhairle Contae Chill Dara

Mar a chuirtear príomhphíobán uisce nua isteach de ghnáth

Conas a rachaidh sé i bhfeidhm ortsa??

Cuirfear scéala chugat go ríshoiléir tamall maith roimh aon stopadh uisce a d'fhéadfadh a bheith ann agus a mbeadh tionchar díreach aige ortsa.

Gnáthoibreacha athshlánaithe

Tá an bhileog seo á cur chugat anois, 6-8 seachtaine sula mbíonn aon oibreacha i do cheantar.

- Cuirfear litir isteach sa bhosca litreach agat seachtain sula dtosóimid ag obair ar do shráid
- Ina theannta sin, 48 uair sula stoptar an t-uisce gheobhaidh gach teach / gnó sa cheantar ina bhfuil an stopadh á bheartú cárta eolais. Cuirfidh sé seo dáta agus amanna an stoptha uisce in iúl duit.

  De ghnáth ní stopfar an t-uisce ar feadh tréimhse níos faide ná 10 n-uair a chloig, ó 8am ar maidin go dtí 6pm um thráthnóna. D'fhéadfadh sé, roinnt laethanta roimhe sin agus ina dhiaidh, go stopfaí an t-uisce ar feadh roinnt achar breise níos giorra i dtús an lae oibre agus ina dheireadh. Cuirfear in iúl duit gach uile uair a tharlóidh sé seo.
- Lá an stoptha beidh ionadaí ar an láthair a bheidh ar fáil chun ceisteanna a fhreagairt. Más gá féadfaidh tú Glao Áitiúil a chur orainn freisin ar 1890 882 410 (Luan go hAoine idir 9am agus 5pm) nó glaoch ar an uimhir éigeandála lasmuigh d'uaireanta oifige (24uair) a bheidh le feiceáil ar d'fhógra stoptha nó ar na cláir eolais ar an láthair.
- Muna bhfilleann do sholáthar uisce tar éis an ama a thugtar ar an bhfógra, cuir glao le do thoil ar an uimhir éigeandála lasmuigh d'uaireanta oifige (24 uair) a bheidh le feiceáil go soiléir ar an gclár eolais ar an láthair agus ar an bhfógra a gheobhaidh tú 48 sula stoptar an t-uisce, nó glaoigh orainn ag an Ráta Áitiúil ar 1890 882 410 idir 9am agus 5pm Luan go hAoine.
- Na custaiméirí sin a thugann freagra agus a dheimhníonn go dteastaíonn cúram 'breise' uathu, daoine a fhaigheann scagdhealú sa bhaile mar shampla, tabharfaidh ionadaí ó Fhoireann Chumarsáide na gCustaiméirí cuairt orthu sa bhaile 2 – 4 sheachtain sula stopfar an t-uisce sa cheantar ina bhfuil siad (féach thall chun eolas breise a fháil).
- Béarfaidh na hionadaithe seo cártaí aitheantais leo, agus iarrfaidh siad ort i gcónaí an cárta a iniúchadh. Má theastaíonn uait, cuir Glao Áitiúil orainn freisin le do thoil ar 1890 882 410 (Luan go hAoine idir 9am agus 5pm) nó glaoigh ar an uimhir éigeandála lasmuigh d'uaireanta oifige (24uair) a bheidh le feiceáil ar na cláir eolais ar an láthair agus ar an bhfógra a gheobhaidh tú 48 uair a chloig sula stoptar an t-uisce.
- Beidh fógraí ar na nuachtáin náisiúnta / áitiúla agus ar an raidió freisin chomh maith le comharthaí bóthair le cur in iúl do chomaitéirí cathain a bheidh oibreacha ar na príomhbhóithre, má bhíonn.

Méar ar eolas – Roimh Oibreacha, Lena Linn & Ina nDiaidh

Sula Stoptar an tUisce:

- Déan go leor úruisce a stóráil i soithí atá éasca le húsáid.
- Cinntigh go mbíonn gach sconna dúnta i gceart agat.
- Cuidigh le haon chomharsa agat atá scothaosta, faoi mhíchumas nó tinn, le do thoil, má theastaíonn cabhair uathu.
- Múch aon fhearais gháis, ola nó leictreacha a úsáidfidh tú chun an t-uisce a théamh; téitheoir tumtha, mar shampla.
- Is féidir furmhór na gcóras téimh lárnaigh atá ann a úsáid agus an t-uisce stoptha. Má bhíonn amhras ort féach treoir an déantúsóra nó téigh i dteagmháil le lucht soláthair na seirbhíse agat le do thoil.
- Féadfaidh tú an citeal a úsáid i gcónaí chun an t-uisce a stóráil tú a fhiuchadh.
- NÁ hól an t-uisce ó sconna an uisce te, le do thoil.
- Cinntigh le do thoil go múchfar aon fhearais a réamhchláraítear chun oibre sula stopfar an t-uisce e.g. meaisíní níocháin, miasniteoirí, etc…

Le linn an Stoptha:

- D'fhéadfadh sé go stopfaí nó go n-athosófaí an soláthar uisce chun na sconnaí agat níos mó ná uair amháin, lá an stoptha, ach NÁ hÚSÁID DO SHOLÁTHAR UISCE, LE DO THOIL.
- Tá sé tábhachtach gach sconna a choinneáil dúnta ar fad ionas nach mbeidh tuilte ann nuair a chuirfear an t-uisce ar fáil arís.
- Iniata gheobhaidh tú dhá chlúdach le crochadh ar na sconnaí leis an méid sin a chur i gcuimhne duit féin.

I ndiaidh an Stoptha

Nuair a chuirfear an t-uisce ar fáil arís, d'fhéadfadh sé a bheith modartha nó ruaimneach nó d'fhéadfadh driodar a bheith ann. Más amhlaidh atá:

- Lig don uisce sní go réidh go dtí go nglanann sé. Sconna an uisce fuar sa chistin is fearr chuige seo de ghnáth.
- Na húsáid do mheaisín níocháin, do mhiasniteoir ná do chithfholcadán ná aon fhearas den sórt seo go nglanann an t-uisce.
- Muna mbíonn an t-uisce glan tar éis 3 nóiméad ná hól é agus téigh i dteagmháil linn, le do thoil (féach an t-eolas thíos).

Muna mbíonn aon soláthar uisce agat tar éis an ama a thaispeántar ar an bhfógra stoptha, labhair le duine d'ár n-ionadaithe ar an láthair, le do thoil, cuir Glao Áitiúil 1890 882 410 orainn (idir 9am agus 5pm, Luan go hAoine) nó cuir glao ar an uimhir éigeandála lasmuigh d'uaireanta oifige (24uair) a bheidh le feiceáil ar an bhfógra stoptha a gheobhaidh tú 48 uair sula stoptar do chuid uisce agus ar na cláir eolais ar an láthair.

Má bhíonn imní ort faoi obair atá ar siúl.

Táimidne ag súil leis an obair a chur i gcrích chomh scioptha agus ar an gcaoi is sábháilte is féidir, le poill a bhaint agus a líonadh leis an gcur isteach is lú ar dhaoine. Más mian leat dul i dteagmháil linn féach na sonraí teagmhála ar chúl na bileoige seo le do thoil.

Conas a dhéanfaimid an obair seo?

Soláthraítear uisce chun do réadmhaoine trí phríomhphíobán uisce. De ghnáth is sa chosán nó sa bhóthar a fhaightear an príomhphíobán uisce seo agus ceanglaíonn píobán soláthair an príomhphíobán le do réadmhaoin. Cuirfear aon tochailt a dhéanfar ar ais mar a bhí laistigh de roinnt laethanta.

Is féidir píobáin phlaisteacha, a shleamhnaíonn isteach sna seanphíobáin, a chur in ionad fhurmhór na bpríomhphíoban seo. I gcásanna eile, beidh orainn na píobáin nua a leagan i gclaiseanna. Teastaíonn roinnt tochailte sa dá chás, agus féachaimid leis an tochailt is lú is gá a dhéanamh i gcónaí. An dteastaíonn cuidiú i dteangacha eile uait? Féach an cárta laistigh le do thoil. Is faoi rún daingean a dhéileálfar le gach eolas a chuirfear ar fáil.

Bealach rochtana chuig do shráid nó do réadmhaoin

Ní bheidh orainn a bheith ag obair ar do réadmhaoin ach amháin in imthosca fíoreisceachtúla. Tharla gur sa chosán nó sa bhóthar de ghnáth a bhíonn an príomhphíobán uisce áfach, beidh na hoibreacha gar d'ímeall do réadmhaoine.

Déanfar gach ar féidir chun do bhealach isteach a choinneáil oscailte. D'fhéadfadh srian a bheith ar do chuid rochtana uaireanta de bharr poll, nó feithiclí a bheith ag lódáil, ach ní fada a mhairfidh sé seo.

Má tá riachtanais speisialta rochtana agat, páirceáil do dhaoine faoi mhíchumas mar shampla, nó leoraithe móra seachadta, téigh i dteagmháil linn le do thoil agus tiocfaimid chugat chun labhairt leat i dtaobh an scéil.

Má bhíonn aon fhadhbanna agat agus an obair ar siúl labhair lenár n-ionadaithe ar an láthair le do thoil agus beidh siad sásta cuidiú leat. Féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh linn ach Glao Áitiúil 1890 882 410 a chur orainn (idir 9am agus 5pm, Luan go hAoine) nó maidir le ceisteanna lasmuigh de na huaireanta sin cuir glao ar an uimhir éigeandála (24uair) a bheidh le feiceáil ar an bhfógra stoptha a gheobhaidh tú 48 uair sula stoptar do chuid uisce agus ar na cláir eolais ar an láthair.

Cosáin agus Bóithre

Tá sé i gceist againn aon phoill a líonadh agus cosáin agus bóithre a chur ar ais mar a bhí a luaithe is féidir. De ghnáth is laistigh den chéad lá oibre eile den obair a bhíonn ar siúl a dhéantar é seo. D'fhéadfadh dhá chuairt a bheith ag teastáil i roinnt cásanna, agus sa chás sin úsáidfear dromchla sealadach a chuirfear ar ais mar a bhí go buan, an dara cuairt.

Custaiméirí Cúraim Bhreise

Daoibhse a bhfuil riachtanais speisialta agaibh, féadaimid seirbhísí breise a chur ar fáil, leithéidí soláthar uisce nó pointe rochtana malartach, trínár scéim ExtraCare.

Tá an Scéim seo le húsáid ag custaiméirí:

- Atá bodhar nó a bhfuil éisteacht lagaithe acu
- Atá dall nó caoch
- Atá cláraithe mar dhaoine faoi mhíchumas
- Atá scothaosta
- Ar othair ainsealacha iad
- A bhfuil riachtanais speisialta acu ar gá dúinne a bheith ar an eolas fúthu.

Comhlánaigh an Cárta Eolais ExtraCare Saorphoist atá iniata sa phaca seo agus cuir ar ais chugainn é le do thoil, nó téigh i dteagmháil linn trí Ghlao Áitiúil a chur ar ár líne faisnéise 1890 882 410 idir 9am agus 5pm, Luan go hAoine nó tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin, www.watermainsrehab.ie

Daoine a ligeann orthu gur daoine eile iad

Tá sé tábhachtach aitheantas aon duine a thagann chun an dorais chugat a sheiceáil. Beidh cártaí aitheantais ag gach fostaí agus conraitheoir d'ár gcuid. Iarrfaidh siad ort i gcónaí breathnú ar an gcárta nuair a thugann siad cuairt ort agus beidh siad sásta ligint duit na sonraí a sheiceáil le deimhniú go bhfuil siad fíor. Má bhíonn ceist ar bith agat maidir leis seo cuir Glao Áitiúil ar ár líne faisnéise 1890 882 410 (idir 9am agus 5pm, Luan go hAoine) agus beimid lánsásta cuidiú leat. Maidir le ceisteanna lasmuigh de na huaireanta sin cuir glao ar an uimhir éigeandála (24uair) a bheidh le feiceáil ar an bhfógra stoptha a gheobhaidh tú 48 uair sula stoptar do chuid uisce agus ar na cláir eolais ar an láthairFor any queries on this please call Local Rate 1890 882 410 (between 9am-5pm, Monday to Friday) and we will be happy to help. For queries outside of office hours you can call the out of hours emergency number (24hr) that will be provided on the 48 hour shut-off notice or the information board on the construction site.

Ma bhíonn aon cheist agat nó má bhíonn aon fhadhb agat nuair a thosaíonn an obair, cuir glaoch orainn le do thoil ar

1890 882 410 Ráta Áitiúil

Luan – Aoine idir 9am agus 5pm

Nó tabhair cuairt ar www.WaterMainsRehab.ie

Maidir le ceisteanna lasmuigh de na huaireanta sin cuir glao ar an uimhir éigeandála (24uair) a bheidh le feiceáil ar na cláir eolais ar an láthair agus a chuirfear ar fáil ar an bhfógra stoptha a gheobhaidh tú 48 uair sula stoptar do chuid uisce.

Is iad RPS Consulting Engineers/Roughan & O'Donovan Faber Maunsell Alliance innealtóirí comhairleacha an tionscadail.

Water is precious. Let's
CONSERVE IT
The Dublin Region Watermains Rehabilitation Project

Eolas Tábhachtach
faoi Chúrsaí Sábháilteachta

An Talmhú Leictreach agus píopaí seirbhíse uisce miotail á n-úsáid.

Tábhachtach: Tá sé ar intinn againn deisithe/ athruitheacha a chur i bhfeidhm ar do phíopa seirbhíse uisce, léigh an t-eolas thíos le do thoil:

Sa lá atá inniu ann, ionas go laghdaítear an baol go mbeadh turraing leictreach nó dóiteán ann sa chás go dtiocfadh fabht leictreach chun cinn, ceanglaítear gach teach agus fearas leictreach nua-aimseartha le pointe talmhaithe. Méadar leictreachais a bhíonn ann de ghnáth.

Ceanglaítear na cásana ar choirí, ar locair, ar thaiscthéitheoirí agus fiú ar phíopaí gáis agus píopaí téimh lárnaigh leis an bpointe talmhaithe seo. Is bunriachtanas é seo ó thaobh sábháilteacht an fhearais leictrigh de.

Cén fáth go gcaithim a chinntiú go bhfuil an Talmhú agus an nascáil agam sábháilte?

Roimhe seo ba ghnách ceangail thalmhaithe a dhéanamh le leictreoid faoi thalamh, an píopa seirbhíse uisce mar shampla, de bhrí gur píopa déanta as miotal a bhíodh ann.

Sa lá atá inniu ann meastar nach sábháilte mar chleachtas é an modh seo, ar an ábhar seo - má bhíonn réadmhaoin talmhaithe leis an bpíopa seirbhíse uisce ag teacht isteach agus má bhíonn obair dheisithe / obair leasaithe á déanamh ar an bpíopa seirbhíse uisce miotail chun do réadmhaoine, nó ar phríomhphíobáin uisce in aice láimhe, gur lú an éifeacht a bhíonn ag an talmhú agus go bhféadfadh fearais leictreacha sa réadmhaoin a bheith contúirteach.

Is í an chúis atá leis seo gur as plaisteach anois a dhéantar gach píopa uisce nua agus gach píopa a chuirtear in áit píopa eile, agus nach féidir leis an bplaisteach talmhú leictreach a dhéanamh.

Cén tábhacht a bhaineann leis an Talmhú agus an nascáil a bheith déanta i gceart?

Chun go mbeidh na fearais leictreacha atá sa bhaile agat sábháilte, tá sé ríthábhachtach go mbeadh an Talmhú agus an nascáil déanta i gceart.

Cé atá freagrach?

Is é úinéir na réadmhaoine atá freagrach as a chinntiú go bhfuil an Talmhú agus an nascáil sa teach sábháilte agus éifeachtach agus nach bhfuil siad ag braith ar an bpíopa seirbhíse uisce miotail ag teacht isteach.

Ní ghlacann Tionscadal Athshlánaithe Phríomhphíobán Uisce Limistéir Bhaile Átha Cliath freagracht ar bith maidir le fearais leictreacha an chliaint ná maidir le haon chostas a bheidh i gceist le socruithe talmhaithe agus nascála leictrí do réadmhaoine a thabhairt suas chuig na caighdeáin shábháilte is gá. Muran tusa úineir na réadmhaoine seo, cuir an fógra seo ar aghaidh go dtí an t-úinéir nó an tiarna talún, le do thoil.

Cá bhfaighidh mé breis eolais?

Féadfaidh tú a fháil amach an bhfuil pointe talmhaithe sa bhaile agat nó nach bhfuil ach dul i dteagmháil le leictreoir inniúil a dhéanfaidh iniúchadh ar do chuid fearas leictreach agus a chuirfidh ar an eolas tú, más gá aon obair a dhéanamh chun Talmhú agus nascáil do réadmhaoine a thabhairt suas chuig caighdeán sábháilte.

Má bhíonn ceist ar bith agat nó má bhíonn aon fhadhb agat nuair a chuirtear tús leis an obair, cuir glao orainn le do thoil ar

1890 882 410 Ráta Áitiúil

Luan – Aoine 9am go dtí 5pm

Nó tabhair cuairt ar www.WaterMainsRehab.ie

Má bhíonn ceist agat lasmuigh de na hamanna seo glaoigh ar an uimhir éigeandála (24 uair) a bheidh le feiceáil ar na cláir eolais ar an láthair thógála agus ar an bhfógra a gheobhaidh tú 48 uair a chloig sula stoptar an t-uisce.

Is iad RPS Consulting Engineers/Roughan & O'Donovan Faber Maunsell Alliance innealtóirí comhairleacha an tionscadail.